



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2023

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Tíreolaíocht

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoi bhailíocht aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná na samplaí etc. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile srl.
- Chun críche marcála, is éard is Pointe Substaintiúil Ábhartha (PSÁ) ann ná aon phíosa amháin d'fhaisnéis fhíorasach a dtabharfaidh scrúdaitheoir ualú marcála dó mar atá leagtha síos sa scéim mharcála (2 mharc de ghnáth). Mar a moladh roimhe seo i gCiorclán S85/09 agus sna Táscairí Marcála Samplacha atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, ba cheart go dtiocfadh gach PSÁ as an bhfaisnéis a thugann an t-iarratasóir, rud is cúis le freagra comhleanúnach foriomlán ar an gceist.

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim marcála. Nuair a úsáidtear nótaí mínithe eile le haghaidh ceisteanna áirithe, liostaítear na nótaí mínithe sin tar éis na scéime marcála don cheist ábhartha.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna (más cuí)
	Eolas ábhartha	1
	Eolas ábhartha	2
	Eolas ábhartha	3
	Eolas ábhartha	4
	Farasbarr eolais	N/B
	Freagra mícheart	0
	Cuid shuntasach den fhreagra	N/B
	Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / Faisnéis neamhbhailí	N/B

CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 80 MARC

Aon 10 gceist @ 8 marc an cheann.

Déan gach ceist a ndearnadh iarracht uirthi a mharcáil agus bronn marcanna ar na deich gceist leis na marcanna is airde.

Gan grádú ar bith.

C.1 (i) Cumar 2m Droimnín 2m Fána chuasach 2m (ii) Loch bailí 1+1m	C.7 (i) 320 (m) 2m (ii) 2.5 (km) 2m (iii) N 510 994 2m (iv) 96 (km²) 2m
C.2 (i) C 1m F 1m D 1m B 1m A 1m E 1m (ii) Gné bhailí 1+1m	C.8 (i) Iarthuaisceart 2m (ii) H 42 04 2m (iii) R 198 2m (iv) Fiar 2m
C.3 (i) C 1m A 1m D 1m B 1m (ii) Sil-leagan 1m Sil-leagan 1m Creimeadh 1m Sil-leagan 1m	C.9 A Lár ar Chlé 2m B Tulra ar chlé 2m C Tulra sa Lár 2m D Lár sa Lár 2m
C.4 (i) 3 2m 1 2m 2 2m (ii) Carraig bhailí dhríodair 1m Carraig bhailí mheiteamorfach 1m	C.10 (i) Fronta oclúidithe 2m (ii) 1024(mb) 2m (iii) Fíor 2m (iv) Príomhghaoth / gnáthghaoth 2m
C.5 (i) C 1m E 1m B 1m F 1m A 1m D 1m (ii) Litisféar 2m	C11 (i) An Cheathrú Rua 2m (ii) 53 (%) 2m (iii) Rann na Feirste 2m (iv) 292 2m
C.6 (i) Londain 1m Iarthar na hÉireann 1m Fionnuar Measartha Aigéanach 1m Má na hEorpa Thuaidh 1m Co. na Mí 1m Gleann Sambre Meuse 1m (ii) (a) Fíor 1m (b) Bréagach 1m	C12 (i) 166,752 2m (ii) Baile Átha Cliath 2m (iii) 361,671 2m (iv) Bealaí bailí 1+1m

In 2023 bhí rogha bhreise ag na hiarrthóirí ar pháipéar Tíreolaíochta Scrúdú na hArdteistiméireactha. Ba iad seo a leanas na treoracha le haghaidh Roinn a Dó den scrúdpháipéar ardleibhéil:

Ní mór tabhairt faoi **CHEITHRE** cheist a fhreagairt. Ní mór ceist amháin as trí cinn de na ranna thíos a bheith san áireamh anseo:

- Roinn 1 – **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach** (Ceist 1-3)
- Roinn 2 – **Tíreolaíocht Réigiúnach** (Ceist 4-6)
- Roinn 3 – **Toghaonaid** (Ceist 7-12)
- Roinn 4 – **Roghaonaid** (Ceist 13-24)

Is féidir an ceathrú ceist a roghnú as roinn ar bith.

Chun marc iomlán a fháil le haghaidh Roinn a Dó, roghnaítear leis an gcóras marcála ar líne ar dtús na trí cheist lena bhfuil na marcanna is airde ó Roinn a Dó agus cuirtear le chéile iad. Má thagann trí cheist as ranna éagsúla, is é seo an marc iomlán ceart do Chuid a Dó, agus cuireann an Scrúdaitheoir GF isteach le haghaidh míre ar a dtugtar Coigeartú. Fágann sé sin an t-iomlán a ríomhadh leis an gcóras marcála ar líne i dtosach mar atá sé.

Má tá trí cheist as cheithre ceist lena bhfuil na marcanna is fearr ón Roinn chéanna, ansin beidh iomlán na gceann sin neamhbhailí mar gheall ar an rúibric a theastaíonn. Sna cásanna sin, cuireann an Scrúdaitheoir an marc diúltach cuí isteach don mhír ‘Coigeartú’, ag baint úsáid as na nótaí mínithe seo a leanas:

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna (más iomchuí)
A	Léirítear go bhfuil na marcanna ón gceist thuas á gcoigeartú ón iomlán	N/B
0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10	Tá iomlán na nótaí mínithe a úsáidtear á ndéalú ón iomlán	0, -1, -2, -3, -4, -5, -6, -7, -8, -9, -10

Go sonrach, cuireann an Scrúdaitheoir an nóta mínithe A ag barr an leathanaigh ar dheis ar freagraíodh an cheist lena bhfuil an ceathrú marc is airde, agus cuireann sé an comhcheangal ceart uimhreacha in aice leis an A sin chun an coigeartú ceart a chur i bhfeidhm. Mar shampla, chun marc Coigeartaithe -23 a chur i bhfeidhm, chuirfeadh Scrúdaitheoirí A, -10, -10, -3 ann. Is é éifeacht leis an marc Coigeartaithe a chinntiú go gcuirfear an rúibric thuas i bhfeidhm – is é sin, gurb é marc iomlán iarrthóra le haghaidh Roinn a Dó an comhcheangal is airde de na marcanna bailí (i gcás go dtagann na marcanna ó dhá cheist ar a mhéad ón roinn chéanna).

ROINN 1

PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH

Ceist 1 go 3

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

Ceist 1

1A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.

Ar an tsracléarscáil, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- Achar iomlán Loch Lios na nEanach (Lisnahanagh Lough)
- Cúrsa Abhainn Shraith an Domhain (Stradone River) ón áit a ngluaiseann sí amach as Loch Lios na nEanach (Lisnahanagh Lough) go dtí H 505 056
- An cuaille triantánachta ag Baois an Phléimeannaigh (Fleming's Folly) sa limistéar thiar theas den léarscáil
- An limistéar iomlán talún atá os cionn 300 méadar.

[20m]

Imlíne na Sracléarscáile
4 ghné @ 4 mharc an ceann

4 mharc (4/0)
Taispeánta 3 mharc (grádaithe 3/1/0)
Lipéad 1m

- Ní mór imlíne na sracléarscáile a bheith tarraingthe go leathscála an achair a leagtar síos. Is é an méid a theastaíonn ná 12cm x 9cm [ceadaigh difríocht suas le 0.5cm]. Ní mór é a bheith i dtreoshuíomh tírdhreacha.
- Ní mór ceithre thaobh tarraingthe a bheith ag an sracléarscáil. Níl sé inghlactha imeall an leathnaigh a úsáid. Cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile.
- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den tsracléarscáil nó nach ndéantar ach cuid den léarscáil a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre. Ná ceadaigh ach marcanna lipéadaithe.
- Má úsáidtear aerfótagraf in ionad léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis 0 marc.
- Féadfaidh lipéid a bheith curtha ar na gnéithe ar an tsracléarscáil nó in eochair. Mura bhfuil siad lipéadaithe, 0 marc as taispeáint.
- Ní mór iarracht a bheith ann ar ghné a thaispeáint chun go mbronnfar marcanna as lipéadú. Mura dtaispeántar, 0 marc as lipéadú. Má bhíonn an ghné aimsithe san

áit chontráilte, ach í lipéadaithe i gceart, féadfar marcanna i gcomhair lipéadú a bhronnadh toisc go ndearnadh iarracht í a aimsiú.

- Marcanna taispeána grádaithe 3/1/0. Cruinneas réasúnta (suíomh agus coibhneas) le haghaidh lánmharcanna taispeána.
- Is féidir an sracléarscáil a tharraingt ar an bhfreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.

1B. Bruthcharraigeacha

Mínigh foirmiú **dhá** bhruthcharraig, agus tagairt agat do shamplaí in Éirinn.

[30m]

Dhá bhruthcharraig Éireannach ainmnithe	2 + 2 mharc
Foirmiú charraig 1 mínithe	7/6 x PSÁ
Foirmiú charraig 2 mínithe	6/7 x PSÁ

- Creidiúint i gcomhair láithreacha Éireannacha gaolmhara a ainmníodh i gceart i gcás gach carraig le haghaidh 2 x PSÁ.
- Creidiúint i gcomhair léaráid ábhartha lipéadaithe le haghaidh 1 x PSÁ. 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Creidiúint i gcomhair eolas ábhartha breise ar an léaráid lipéadaithe le haghaidh 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis í seo nár tugadh cheana sa chuntas scríofa.
- Tugtar 2 x PSÁ ar a mhéad mura dtugtar ach cur síos ar bhruthcharraigeacha agus gan aon trácht ar fhoirmiú.
- Uasmhéid 7 x PSÁ mura luaitear ach bruthcharraig amháin.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
N	Bruthcharraig ainmnithe	2
Loc	Suíomh in Éirinn ainmnithe	2
✓ 2	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	N/B
Dg	Léaráid bhailí	N/B
P1 / P2	Baint ag na nótaí mínithe le carraig 1 / carraig 2	N/B

1C. Iseastatacht

Scrúdaigh an dóigh a ndeachaigh an iseastatacht i bhfeidhm ar thírdhreach na hÉireann, agus tagairt agat don tírdhreach abhann agus/nó don tírdhreach cósta.

[30m]

Tionchar / gné aitheanta
Scrúdúchán


2 mharc
14 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as an dara tionchar / gné aitheanta do 1 x PSÁ ón scrúdú. Maidir le haon tionchar/ghné sa bhreis, tá gá le scrúdúchán.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ le haghaidh dhá shampla Éireannacha sa scrúdúchán.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ i gcomhair léaráid ábhartha lipéadaithe, 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ i gcomhair eolas ábhartha breise ar an léaráid lipéadaithe. Caithfidh gur faisnéis í seo nár tugadh cheana sa chuntas scríofa.
- Tá an cheist seo teoranta d'Éirinn.
- 2 x PSÁ ar a mhéad murar tugadh ach cur síos ar iseastatacht gan tagairt ar bith don tionchar ar thírdhreach na hÉireann.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
I	Tionchar / gné aitheanta	2
Ex	Sampla	2
✓ ₂	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	N/B
Dg	Léaráid bhailí	N/B

Ceist 2

2A. Creathanna Talún



Scrúdaigh an léarscáil agus an eochair eolais thuas ina dtugtar eolas faoi chrith talún san Afganastáin agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

- (i) Céard é Scála Déine Modhnaithe Mercalli (DMM) ag eipealár an chreatha talún seo?
- (ii) Ainmnigh **dhá** lonnaíocht ina raibh DMM 5.0 nó níos airde.
- (iii) Cén tír eile ar tharla an crith talún seo ar a teorainn leis an Afganastáin?
- (iv) Seachas Scála Modhnaithe Mercalli, ainmnigh scála **amháin** eile a mbaintear úsáid as chun creathanna talún a thomhas.
- (v) Ainmnigh gléas **amháin** a mbaintear úsáid as chun creathanna talún a thomhas.
- (vi) Mínigh go hachomair an téarma *fócas*, maidir le creathanna talún.
- (vii) Mínigh go hachomair bealach **amháin** chun tionchar creatha talún a laghdú.

[20m]

(i)	6.5 (MMI)	2 mharc
(ii)	Lonnaíocht bhailí	2 + 2 mharc
(iii)	An Phacastáin	2 mharc
(iv)	Scála Richter	2 mharc
(v)	Gléas bailí	2 mharc
(vi)	Míniú bailí	2 + 2 mharc
(vii)	Míniú bailí	2 + 2 mharc

2B. Próisis Dromchla

Freagair (i) nó (ii).

- (i) Scrúdaigh an ról atá ag **próiseas an tsil-leagain** i bhfoirmiú tírghné abhann **amháin** nó tírghné chósta **amháin** nó tírghné oighreach **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

[30m]

Tírghné ainmnithe	2 mharc
Scrúdúchán	14 x PSÁ

- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ le haghaidh tagairt do ról phróiseas an tsil-leagain. Maidir le gach tagairt sa bhreis eile do phróisis an tsil-leagain, tá gá le scrúdúchán.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as sampla sonrach ón scrúdúchán.
- Is é bunphointe na ceiste ná conas mar a théann próiseas an tsil-leagain i bhfeidhm ar fhoirmiú aon tírghné amháin. Scrúdúchán ar phróisis an chreimthe 0 marc.
- Creidiúint i gcomhair léaráid ábhartha lipéadaithe le haghaidh 1 x PSÁ. 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Creidiúint i gcomhair eolas ábhartha breise ar an léaráid lipéadaithe le haghaidh 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ ar a mhéad mura dtugtar ach cur síos ar thírghné agus gan aon trácht ar fhoirmiú.
- Níl an cheist seo teoranta d'Éirinn

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
N	Tírghné ainmnithe	2
REF	Tagairt do phróiseas an tsil-leagain	2
Ex	Sampla nó suíomh	2
✓₂	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	N/B
Dg	Léaráid bhailí	N/B

Nó

- (ii) Tugtar cur síos agus míniú ar na **tosca a rialaíonn oibriú** próiseas ollghluaiseachta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

[30m]

Tosca aitheanta	2 + 2 mharc
Próiseas ollghluaiseachta.ainmnithe	2 mharc
Cur síos/míniú	12 x PSÁ

- Tá cur síos/míniú de dhíth maidir le gach toisc sa bhreis.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as sampla sonrach ón gcur síos/míniú.
- Creidiúint i gcomhair léaráid ábhartha lipéadaithe le haghaidh 1 x PSÁ. 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Creidiúint i gcomhair eolas ábhartha breise ar an léaráid lipéadaithe le haghaidh 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- Níl an cheist seo teoranta d'Éirinn
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ ar a mhéad más díreach cur síos ar ollghluaiseacht atá ann, gan aon tagairt do thosca lena rialaítear a hoibriú.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
I	Toisc aitheanta	2
N	Próiseas ollghluaiseachta.ainmnithe	2
Ex	Sampla nó suíomh	2
✓ ₂	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	N/B
Dg	Léaráid bhailí	N/B

2C. Síonchaitheamh ceimiceach

Mínigh, le cuidiú léaráide (léaráidí) lipéadaithe, an dóigh ar mhúnlaigh síonchaitheamh ceimiceach ceann **amháin** díobh seo a leanas:

- An tírdhreach carstach ar an dromchla
- An tírdhreach carstach faoi thalamh.

[30m]

Léaráid lipéadaithe
Míniú

2 mharc
14 x PSÁ

- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ le haghaidh próiseas an tsíonchaithimh cheimicigh aitheanta sa mhíniú. Is gá míniú a thabhairt ar gach próiseas sa bhreis.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ le haghaidh tírghné ainmnithe sa mhíniú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as sampla sonrach ainmnithe ón míniú.
- 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ i gcomhair eolas ábhartha breise ar an léaráid lipéadaithe. Caithfidh gur faisnéis í seo nár tugadh cheana sa chuntas scríofa.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ ar a mhéad más díreach cur síos ar síonchaitheamh ceimiceach atá ann, gan aon tagairt do mhúnlú an dromchla ná don tírdhreach carstach faoi thalamh.
- Más míniú do ghnéithe dromchla agus faoi thalamh araon atá ann, marcáil astu féin iad agus bronn an marc is airde.
- Níl an cheist seo teoranta d'Éirinn

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
Dg	Léaráid bhailí	4
I	Próiseas síonchaitheamh ceimiceach aitheanta	2
N	Tírghné ainmnithe	2
Ex	Sampla	2
✓₂	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	N/B

Ceist 3

3A. Próiseas ollghluaiseachta

Maidhm Oighearshrutha san Iodáil

Bhris mais oighir d'oighearshruth Marmolada agus scaoileadh maidhm oighir, carraigeacha agus smionagair le fána agus anuas ar rian fánaíochta a bhfuil an-tóir air ar thaobh Sléibhte na nDolaimítí. Banríon na nDolaimítí a thugtar ar Marmolada. Tá sí thart ar 3,300 méadar ar airde agus is í an beann is airde sna Dolaimítí thoir í. De réir taighde atá déanta ag eolaithe Iodálacha, tá thart ar 80% dá thoirt caillte ag oighearshruth Marmolada le 72 bliain anuas agus tugadh rabhadh in 2020 go bhféadfadh an t-oighearshruth imeacht as ar fad taobh istigh de 15 bliana mar thoradh ar an téamh domhanda.



Curtha in oiriúint ó www.theguardian.com

Scrúdaigh an t-alt thuas ina dtugtar eolas faoi mhaidhm oighearshrutha agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

- (i) Cén tír ina bhfuil Sléibhte na nDolaimítí suite?
- (ii) Cén airde (ina méadair) atá i sliabh Marmolada?
- (iii) Cén céatadán de laghdú a mheastar atá tagtha ar thoirt an oighearshrutha le 72 bliain anuas?
- (iv) Ainmnigh sampla **amháin** d'ollghluaiseacht de chineál mall.
- (v) Mínigh go hachomair an téarma *forscreamh*.
- (vi) Liostaigh **dhá** thoisc a mbíonn tionchar acu ar luas ollghluaiseachta.
- (vii) Mínigh go hachomair an dóigh a mbíonn tionchar ag ceann **amháin** de na tosca sin ar luas ollghluaiseachta.

[20m]

(i)	An Iodáil	2 mharc
(ii)	3,300(m)	2 mharc
(iii)	80(%)	2 mharc
(iv)	Sampla bailí	2 mharc
(v)	Míniú bailí	2 + 2 mharc
(vi)	Tosca bailí	2 + 2 mharc
(vii)	Míniú bailí	2 + 2 mharc

3B. An Timthriall Teicteonach

Mínigh an dóigh ar chuidigh staidéar ar theicteonaic phlátaí linn tuiscint a fháil ar dháileadh domhanda ceann **amháin** ar bith díobh seo a leanas:

- Creathanna Talún
- Bolcáin
- Fillsléibhte

[30m]

Tagairt don dáileadh domhanda 2 + 2 mharc
Mhíniú 13 x PSÁ

- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ le haghaidh tagairt do theicteonaic phlátaí sa mhíniú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ i gcomhair léaráid ábhartha lipéadaithe. 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Creidiúint i gcomhair eolas ábhartha breise ar an léaráid lipéadaithe le haghaidh 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis í seo nár tugadh cheana sa chuntas scríofa.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ ar a mhéad mura bhfuil tagairt ann don dóigh a gcuidíonn teicteonaic phlátaí dáileadh domhanda bolcán, creathanna talún agus fillsléibhte a mhíniú.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
REF	Tagairt don dáileadh domhanda	2
N	Tagairt do phlátaí teicteonacha	2
✓ ₂	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	N/B
Dg	Léaráid bhailí	N/B

3C. Idirghníomhú an Duine le Timthriall na gCarraigeacha

Déan scrúdú ar conas a idirghníomhaíonn daoine le timthriall carraigeacha, agus tagairt á déanamh do cheann **amháin** de na nithe seo a leanas:

- Mianadóireacht
- Eastóscadh ábhar foirgníochta
- Saothrú ola/gáis
- Táirgeadh fuinneamh geoiteirmeach.

[30m]

Scrúdúchán

15 x PSÁ

- Creidiúint 1 x PSÁ as sampla ón scrúdú.
- Creidiúint 1 x PSÁ as idirghníomhaíocht aitheanta ón scrúdú. Maidir le haon idirghníomhaíocht sa bhreis, tá gá le scrúdúchán.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ i gcomhair léaráid ábhartha lipéadaithe. 0 marc ar léaráid gan lipéadú.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ i gcomhair eolas ábhartha breise ar léaráid lipéadaithe. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- Níl an cheist seo teoranta d'Éirinn
- Féadfaidh an plé a bheith dearfach nó diúltach.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
Ex	Sampla	2
I	Idirghníomhaíocht aitheanta	2
✓ ₂	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
✓	Farasbarr eolais	N/B
Dg	Léaráid bhailí	2

ROINN 2

TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH

Ceist 4 go 6

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

Ceist 4

4A. Scileanna Léarscáile

Tarraing léarscáil imchrutha de réigiún san **Eoraip** (nach bhfuil in Éirinn), a bhfuil staidéar déanta agat air.

Taispeáin agus ainmnigh gach ceann díobh seo a leanas uirthi:

- Imchruth de ghné ainmnithe rilífe (talamh ard nó talamh íseal)
- Lárionad uirbeach ainmnithe
- Imchruth de réigiún talmhaíochta ainmnithe nó de réigiún tionsclaíochta ainmnithe
- Cúrsa abhann ainmnithe.

[20m]

Imlíne na léarscáile
4 ghné @ 4 mharc an ceann

4 mharc (grádaithe 4/2/0)
Taispeánta 2 mharc (grádaithe 2/1/0)
Ainmnithe - 2 mharc

- Ná glactar le léarscáil imlíne de réigiún Éireannach ná de réigiún Ilchríochach / Fo-Ilchríochach.
- Glac le haon chineál lárionad uirbeach bailí, beag beann ar mhéid an lárionaid.
- Is féidir an léarscáil imlíne a tharraingt ar an bhfreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.
- Féadfaidh ainmneacha a bheith scríofa ar an tsracléarscáil nó in eochair.
- Tugtar marcanna as na gnéithe is gá a ainmniú más bailí agus ceart na hainmneacha fiú mura dtaispeántar na gnéithe nó má thaispeántar mícheart iad.
- Sa chás ina dtaispeántar gnéithe ach go n-ainmnítear mícheart iad, nó nach n-ainmnítear in aon chor iad, tugtar 0 marc don taispeánta agus 0 marc don ainmniú.

4B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Threasach – Réigiún Ilchríochach / Fo-Ilchríochach

Mínigh an fhorbairt ar ghníomhaíocht gheilleagrach threasach **amháin** i réigiún **Ilchríochach / Fo-Ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip), a bhfuil staidéar déanta agat air.

[30m]

Scrúdúchán

15 x PSÁ

- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ le haghaidh tosca imríonn tionchar ar fhorbairt gníomhaíocht gheilleagrach threasach ainmnithe sa scrúdúchán. Is gá gach toisc sa bhreis a scrúdú.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as sampla faoi leith de ghníomhaíocht threasach gheilleagrach.
- Maidir le tsracléarscáil lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón scrúdú agus má tá faisnéis ábhartha sa bhreis ar an tsracléarscáil, nach bhfuil sa chuntas scríofa cheana féin, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.
- Glactar le scrúdú ar ghníomhaíocht gheilleagrach threasach amháin (iompar, turasóireacht, seirbhísí airgeadais, srl.). Má scrúdaítear níos mó ná gníomhaíocht gheilleagrach threasach amháin, marcáil astu féin iad agus bronn an marc is airde.
- Ná glactar le scrúdú ar réigiúin Éireannach ná Eorpach.
- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- 2 x PSÁ ar a mhéad murar tugadh ach cur síos ar an ngníomhaíocht gan tagairt ar bith d'fhorbairt na gníomhaíochta.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach ar fhorbairt.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
N	Toisc ainmnithe	2
Ex	Sampla de ghníomhaíocht threasach	2
✓₂	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
✓	Farasbarr eolais	N/B
Dg	Léaráid bhailí	2

4C. Forbairt Uirbeach

Scrúdaigh an dóigh a raibh tionchar ag **dhá** cheann ar bith de na tosca seo a leanas ar an bhforbairt ar limistéar uirbeach a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Feidhm iompair
- Suíomh
- Gníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil.

[30m]

Limistéar uirbeach ainmnithe	2 mharc
Tionchar ar fhorbairt aitheanta	2 mharc
Scrúdú ar Thoisce 1	7/6 x PSÁ
Scrúdú ar Thoisce 2	6/7 x PSÁ

- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as an dara tionchar ar an bhforbairt aitheanta ón scrúdú. Is gá gach toisc sa bhreis a scrúdú.
- Glactar le haon chineál limistéar uirbeach bailí, nó cuid de sin, beag beann ar mhéid an limistéir.
- Plé nach ndéantar tagairt ann do limistéar uirbeach ainmnithe ná do limistéar uirbeach a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ le haghaidh sracléarscáil lipéadaithe bailí ón bplé.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ breise le haghaidh faisnéis ábhartha bhreise ar an sracléarscáil. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- Is féidir leis an bplé a bheith bunaithe ar léirmhíniú dearfach nó diúltach ar fhorbairt.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
	Limistéar uirbeach ainmnithe	2
I	Tionchar ar fhorbairt aitheanta	2
✓ ₂	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	N/B
Dg	Léaráid bhailí	N/B
P1 / P2	Baint ag nótaí mínithe le toisc 1/ toisc 2	N/B

Ceist 5

5A. Aeriompar san Eoraip

Earraí a iompraíodh in eitleáin (ina mílte tona)

	2015	2018	2021
An Bheilg	1,126	1,416	2,083
An Danmhairg	210	242	246
An Fhrainc	2,380	2,407	2,275
An Ghearmáin	4,325	4,773	5,273
Éire	148	156	155
An Ísiltír	1,712	1,840	1,807
An Phortaingéil	133	173	174
An Eilvéis	401	493	341
27 an AE	12,524	14,243	15,023

Curtha in oiriúint ó Eurostat

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar na hearraí a iompraíodh in eitleáin san Eoraip i mblianta roghnaithe agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

- Cén tír a d'iompair 242,000 tona earraí in eitleáin in 2018?
- Cén tír a d'iompair an líon ba lú earraí in eitleáin in 2015?
- Ainmnigh tír **amháin** inar tháinig laghdú ar líon na n-earraí a iompraíodh in eitleáin idir 2015 agus 2021.
- Ríomh an céatadán d'earraí 27 an AE a iompraíodh ar eitleáin in 2018 ar earraí de chuid na Gearmáine a bhí iontu.
- Cén tír sa tábla thuas nach bhfuil ina ball den AE?
- Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** a bhaineann le hearraí a iompar in eitleán.
- Mínigh go hachomair dúshlán comhshaoil **amháin** a bhaineann le haeriompar.

[20m]

- | | | |
|-------|-----------------------|-------------|
| (i) | An Danmhairg | 2 mharc |
| (ii) | An Phortaingéil | 2 mharc |
| (iii) | An Fhrainc/An Eilvéis | 2 mharc |
| (iv) | 33.5 (%) | 4 mharc |
| (v) | An Eilvéis | 2 mharc |
| (vi) | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |
| (vii) | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |

5B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Phríomhúil

Mínigh **dhá** thoisc ar bith a raibh tionchar acu ar an bhforbairt ar ghníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil **amháin** i réigiún **in Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

[30m]

Tosca aitheanta	2 + 2 mharc
Míniú ar Thoisic 1	7/6 x PSÁ
Míniú ar Thoisic 2	7/6 x PSÁ

- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as sampla faoi leith de ghníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil ón míniú.
- Ná glactar le scrúdúchán ar ghníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil i réigiún Eorpach nó i réigiún Ilchríochach/Fo-Ilchríochach.
- Míniú nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- 1 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na toisce mura ndéantar ach cur síos ar thoisc gan aon tagairt d'fhorbairt na gníomhaíochta príomhúla.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ le haghaidh sracléarscáil lipéadaithe bailí ón scrúdúchán.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ breise le haghaidh faisnéis ábhartha bhreise ar an sracléarscáil. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach ar fhorbairt.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
I	Toisc aitheanta	2
Ex	Sampla de ghníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil	2
✓ ₂	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	N/B
Dg	Léaráid bhailí	N/B
P1 / P2	Baint ag nótaí mínithe le toisc 1 / toisc 2	N/B

5C. An tAontas Eorpach

Déan plé ar na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ag baint le forbairt an Aontais Eorpaigh sa todhchaí agus tagairt agat do thosca mar aontas polaitiúil, aontas eacnamaíochta agus flaithiúnas.

[30m]


Dúshláin fhéideartha aitheanta 2 + 2 mharc
Plé 13 x PSÁ

- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ le haghaidh tríú dúshlán a aithnítear sa phlé. Ní mór gach dúshlán sa bhreis a phlé.
- 2 x PSÁ ar a mhéad mura bhfuil tagairt ann d'fhorbairt an Aontais Eorpaigh amach anseo.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ le haghaidh sracléarscáil lipéadaithe bailí ón scrúdúchán.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ breise le haghaidh faisnéis ábhartha bhreise ar an sracléarscáil. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór don fhaisnéis a mbronntar marcanna uirthi ar an tsracléarscáil a bheith bailí agus ábhartha i ndáil leis an gceist a cuireadh.
- Féadfaidh an plé a bheith dearfach nó diúltach.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
I	Dúshlán aitheanta	2
✓ ₂	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	N/B
Dg	Léaráid bhailí	N/B

Ceist 6

6A. Dífhostaíocht in Éirinn



Scrúdaigh an bharrachairt chnuasach thuas ina dtaispeántar rátaí dífhostaíochta na bhfear agus na mban in Éirinn ó Eanáir 2021 go dtí Meán Fómhair 2021 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

- Cén ráta dífhostaíochta a bhí ann i measc na mban (%) i mí an Mhárta 2021?
- Cén mhí ina raibh ráta dífhostaíochta na bhfear agus ráta dífhostaíochta na mban cothrom lena chéile?
- Cé mhéad mí ina raibh ráta dífhostaíochta na mban níos airde ná ráta dífhostaíochta na bhfear?
- An raibh ráta dífhostaíochta na bhfear ag méadú **nó** ag laghdú ó Bhealtaine go Meán Fómhair?
- Ríomh meánráta dífhostaíochta (%) na mban sna míonna a thaispeántar ar an gcairt thuas.
- Mínigh go hachomair **dhá** thairbhe a bhaineann le ráta íseal dífhostaíochta a bheith ann.

[20m]

- | | | |
|-------|-------------|-------------|
| (i) | 7.8 (%) | 2 mharc |
| (ii) | Lúnasa | 2 mharc |
| (iii) | Trí | 2 mharc |
| (iv) | Ag laghdú | 2 mharc |
| (v) | 6.5 (%) | 4 mharc |
| (vi) | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |
| | | 2 + 2 mharc |

6B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Thánaisteach

Tabhair míniú ar an bhforbairt ar ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach i réigiún san **Eoraip** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat air agus tagairt agat do **dhá** cheann ar bith de na tosca seo a leanas:

- Saothar
- Feidhm iompair
- Amhábhair
- Margaí.

[30m]

Scrúdú ar Thoisic 1

8/7 x PSÁ

Scrúdú ar Thoisic 2

7/8 x PSÁ

- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as sampla faoi leith de ghníomhaíochtaí geilleagraí tánaistí.
- Ná glactar le réigiún Éireannach ná le réigiún Ilchríochach / Fo-Ilchríochach.
- Scrúdúchán nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- 2 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na toisce mura ndéantar ach cur síos ar thoisc gan aon tagairt d'fhorbairt na gníomhaíochta geilleagraí tánaistí.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ le haghaidh sracléarscáil lipéadaithe bailí ón scrúdúchán.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ breise le haghaidh faisnéis ábhartha bhreise ar an sracléarscáil. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
	Sampla de ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach	2
	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
	Farasbarr eolais	N/B
	Léaráid bhailí	2
 / 	Baint ag nótaí mínithe le toisc 1 / toisc 2	N/B

6C. An Daonra in Éirinn

Mínigh dáileadh an daonra ar fud réigiúin in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

[30m]

Scrúdúchán

15 x PSÁ

- Tabhair creidiúint as tosca a théann i bhfeidhm ar dháileadh an daonra do 2 x PSÁ ón scrúdú. Is gá gach toisc sa bhreis a scrúdú.
- 1 x PSÁ ón scrúdú as láthair ainmnithe laistigh den réigiún ón scrúdú.
- Ná glactar le réigiún Eorpach ná réigiún Ilchríochach / Fo-Ilchríochach.
- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- 2 x PSÁ ar a mhéad más díreach cur síos atá ann ar dháileadh daonra, gan aon mhíniú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ le haghaidh sracléarscáil lipéadaithe bailí ón scrúdúchán.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ breise le haghaidh faisnéis ábhartha bhreise ar an sracléarscáil. Caithfidh gur faisnéis í seo nár bronnadh marc uirthi cheana sa chuntas scríofa.
- Murar scrúdaíodh ach cuid de réigiún, ní féidir ach 8 x PSÁ a thabhairt (tagraíonn an cheist do ar fud réigiúin).

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
N	Toisc ainmnithe	2
Ex	Suíomh ainmnithe	2
✓₂	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
✓	Farasbarr eolais	N/B
Dg	Léaráid bhailí	2

ROINN 3
TOGHAONAIÐ

Ceist 7 go 12

Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha (Ceist 7, 8 agus 9)

Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine (Ceist 10, 11 agus 12)

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

Ceist 7 go 9

Ceist 7

7A. Aerfótagraf

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf, leath an fhaid agus leath an leithid.

Ar an tsracléarscáil, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- An loch
- **Dhá** shráid a bhuaileann le chéile
- Limistéar de gharbhloch sa tulra láir.
- Foirgnimh thionsclaíochta sa chúlra ar chlé

[20m]

Imlíne na Sracléarscáile
4 ghné @ 4 mharc an ceann

4 mharc (4/0)
Taispeánta 3 mharc (grádaithe 3/1/0)
Ainmnithe - 1 mharc

- Ní mór go mbeadh an tsracléarscáil tarraingthe leath an fhaid agus leath an leithid. Is iad na toisí a theastaíonn ná 12.7 cm faoi 8.4 cm (ach ceadaigh difríocht de 0.5 cm ar gach taobh). Ní mór é a bheith ar threoshuíomh tírdhreacha.
- Ní mór ceithre thaobh tarraingthe a bheith ag an sracléarscáil. Níl sé inghlactha imeall an leathnaigh a úsáid. Cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile.
- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den tsracléarscáil nó nach ndéantar ach cuid den aerfótagraf a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre. Ná ceadaigh ach marcanna lipéadaithe.
- Má úsáidtear léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis in ionad aerfótagraf 0 marc.
- Ní mór lipéid a bheith curtha ar na gnéithe ar an tsracléarscáil nó in eochair. Mura bhfuil siad lipéadaithe, 0 marc as taispeáint.
- Ní mór iarracht a bheith ann ar ghné a thaispeáint chun go mbronnfar marcanna as lipéadú. Mura dtaispeántar, 0 marc as lipéadú. Má bhíonn an ghné aimsithe san áit chontráilte, ach í lipéadaithe i gceart, féadfar marcanna i gcomhair lipéadú a bhronnadh toisc go ndearnadh iarracht í a aimsiú.
- Marcanna taispeána grádaithe 3/1/0. Cruinneas réasúnta (suíomh agus coibhneas) le haghaidh lánmharcanna taispeána.
- Is féidir an sracléarscáil a tharraingt ar an bhfreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.

7B. Soghluaisteacht Gníomhaíochtaí Geilleagracha

Scrúdaigh soghluaisteacht gníomhaíochtaí geilleagracha nua-aimseartha agus tagairt agat do chuideachta ilnáisiúnta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

[30m]

MNC ainmnithe 2 mharc
Scrúdúchán 14 x PSÁ

- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ le haghaidh dhá shuíomh ainmnithe.
- Scrúdúchán nach bhfuil ceangal ann le cuideachta ilnáisiúnta ainmnithe: 0 marc.
- 2 x PSÁ ar a mhéad más díreach cur síos atá ann ar chuideachta ilnáisiúnta gan scrúdú ar shoghluaisteacht gníomhaíochtaí geilleagracha nua-aimseartha.
- Ní gá don chuideachta ilnáisiúnta a bheith bunaithe in Éirinn.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
N	MNC ainmnithe	2
Ex	Suíomh ainmnithe	2
✓₂	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
✓	Farasbarr eolais	N/B
Dg	Léaráid bhailí	2

7C. Tionchar ar an gComhshaol

Scrúdaigh an dóigh a bhféadfadh gníomhaíochtaí geilleagracha tionchar a bheith acu ar an gcomhshaol agus tagairt agat do shamplaí ar scála áitiúil agus ar scála domhanda.

[30m]


Tionchar ar an gcomhshaol aitheanta	2 mharc
Samplaí	2 + 2 mharc
Scrúdúchán	12 x PSÁ

- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as an dara tionchar ar an gcomhshaol aitheanta. Maidir le haon tionchar sa bhreis, tá gá le scrúdúchán.
- 7 x PSÁ ar a mhéad más scrúdú ar thionchar ar an gcomhshaol áitiúil amháin atá ann.
- 7 x PSÁ ar a mhéad más scrúdú ar thionchar ar an gcomhshaol domhanda amháin atá ann.
- Plé ar thionchair ar an gcomhshaol gan aon tagairt do ghníomhaíochtaí geilleagracha 0 marc.
- Féadfaidh na tionchair a bheith dearfach nó diúltach.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
I	Tionchar ar an gcomhshaol aitheanta	2
Ex	Samplaí	2
✓ ₂	Eolas bailí dar luach 2 mharc	2
✓	Farasbarr eolais	N/B
Dg	Léaráid bhailí	2

Ceist 8

8A. Trádáil an Aontais Eorpaigh



Scrúdaigh na píchairteacha thuas ina dtaispeántar comhpháirtithe an Aontais Eorpaigh (AE) i dtrádáil earraí in 2021 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

- Cén tír ónar iompórtáil an AE 6% de líon iomlán na n-earraí a iompórtáladh?
- Cén céatadán d'easpórtálacha an AE a cuireadh chuig na Stáit Aontaithe?
- Cén difríocht chéatadáin a bhí in easpórtálacha agus iompórtálacha idir an AE agus an Ríocht Aontaithe in 2021?
- Ainmnigh tír **amháin** a thaispeántar thuas a raibh barrachas trádála ag an AE léi in 2021.
- Ríomh **X**, an céatadán d'iompórtálacha an AE a tháinig as an Rúis in 2021.
- Mínigh go hachomair an téarma *comhardú na trádála*.
- Mínigh go hachomair bealach **amháin** a raibh tionchar ag athrú ar bhallraíocht an AE ar thrádáil an AE.

[20m]

- | | | |
|-------|---|-------------|
| (i) | An Eilvéis | 2 mharc |
| (ii) | 18 (%) | 2 mharc |
| (iii) | 6 (%) | 2 mharc |
| (iv) | Na Stáit Aontaithe/An Eilvéis/An Ríocht Aontaithe | 2 mharc |
| (v) | 8 (%) | 4 mharc |
| (vi) | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |
| (vii) | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |

8B. Forbairt gheilleagrach – Geilleagar Forbartha

Scrúdaigh forbairt ceann **amháin** díobh seo a leanas agus tagairt agat do gheilleagar forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air.

- Tionscail gan chuing
- Seirbhísí airgeadais
- Ollturasóireacht.

[30m]

Geilleagair forbartha ainmnithe
Scrúdúchán

2 mharc
14 x PSÁ

- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ i gcomhair samplaí na gníomhaíochta ón scrúdúchán.
- 2 x PSÁ ar a mhéad as scrúdúchán gan tagairt do thír forbartha ainmnithe.
- Scrúdúchán ar gheilleagar i mbéal forbartha 0 marc
- Má scrúdaítear níos mó ná geilleagar forbartha amháin, marcáil astu féin iad agus bronn an marc is airde.
- 2 x PSÁ ar a mhéad mura dtugtar ach cur síos ar an ngníomhaíocht gan tagairt ar bith d'fhorbairt na gníomhaíochta.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
	Geilleagair forbartha ainmnithe	2
	Sampla den ghníomhaíocht	2
